

OIDEACHAIS SPEISIALTA:

© Cóipceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo.

Fócas ar an bPáiste:

Caithfidh fócas riachtanas an pháiste ó thaobh oideachas/soisialtas a bheith mar prioracht agus pointe-lárnach don pháiste atá ag fáil cead isteach/freastal ar an seirbhís don Oideachas Speisialta sa Ghaelscoil seo. Déanaimid ár ndícheall mar fhoireann go mbeidh seans ag na paistí seo bheith páirteach/bainteach le imeachtaí na scoile: paráid, coirmceol na Nollag, damhsa, feadóg, cluichí, tionscnaimh, riamhairí, seachtain na Gaeilge, comórtas peile/iománaíochta na Gaeltachta, cuillí, sn chluiche choirr, agus eile.

Caithfear bheith aireach faoi lipéid a chur ar pháiste ró-luath ina saol agus bheith réasúnta, féarailte, ciallmhar agus dul de réir na modhanna imeachta atá in úsáid sa scoil maidir leis an oideachais speisialta. Caithfear bheith sásta triall a bhaint as acmhainne éagsúil ar feadh tréimhse, é a mheasúnú, bheith eolach ar na bealaí éagsúil a dhéanann an páiste foghlaim, obair a chur ar fáil chun láidreachtaí an duine a chur chun chinn, chomh maith le freastal ar na dúshláin, agus obair a dhéanamh le na priorachtaí, píosa ar pháiosa, beagán ar bheagán ar mhaithe le dul chun chinn an pháiste.

Múinteoir Tacaíochta Foghlama: Learning Support Teacher:

Déanann an oide ranga dul chun chinn an pháiste a mheasúnú i rith na scoil bliana. I gcás go bhfuil inní ann agus go mbeadh “instealladh” de thacaíocht foghlama cabhrach, le moladh ón oide ranga, agus tré dul i gcomhairle leis an oide tacaíochta faoin tacaíocht a bheadh ar fáil/le nófráil don pháiste, éagraítear coinne agus le cead i scríbhinn sínithe na tuistí, cuirtear an tacaíocht ceart do thréimhse áirithe, atá féilliúnach do riachtanais an pháiste ar fáil. Ba cheart na teisteanna/tascanna an oide ranga a chur san áireamh chomh maith le an teisteanna caighdeánach (Sigma-T/Micra-T/Droim Chonrach/Eile). Déantar athbhreathnú rialta ar seo, ar mhaithe le gach duine bainteach leis. **Is é an pholasaí na scoile go ndéantar freastal ar pháistí ó Rang Naíonáin Shinsir, téarma 2/3 go Rang 3. Ní mholtar go mbeadh an pháiste ag fáil níos mó na trí bhliana ar lean de tacaíocht foghlama sa bhunscoil. Glactar le páistí ó ranganna**

eile ar chúiseanna an-speisialta, m.s. nuair atá an pháiste ag fanacht ar an Roinn uaireanta achmhainne a chéadú.

Cuirtear seirbhís ar fáil don Léamh Béarla, Mataí, i lathair na huaire, agus cuirtear breithiúnas an oide ranga san áireamh ar an gcéad dul síos, toraidh na teisteanna/tascanna ranga, agus toraidh na teisteanna caighdeánach ar an dara dul síos. Cuirtear tuairim/moladh/cead/rogha na dtuistí faoin seirbhís tacaíocht atá ar fáil san áireamh, agus tá an ceart acu glacadh nó diúltiú leis an seirbhís.

Plean an Pháiste: Is fearr go mbeadh an teolas seo ar fad faoi na dátaí, céimeanna/cinneadh á dhéanadh, agus na hacmhainne a d'úsáideadh scríofa agus ar fáil ar chóipleabhar an oide ranga, an oide tacaíochta/oide achmhainne mar pholasaí agus go mbeadh sé ar fáil i gcás aon cheist ó Pháirtithe bainteach/NEPS/Roinn nó Eile. Dár ndóigh tá gach eolas maidir le Oideachas Speisialta rúnda, príobháideach, agus fíorasach. Ní thugtar amach aon eolas gan cead na dtuistí, ach amháin i gcásanna eisceachtúil ms. Mí-úsáid leanaí,/An páiste i mbaoil/dáinséar a dhéanamh dóibh féin/daoine eile/lámh a chur ina mBás féin.

Cásanna an Oide Tacaíochta: Is fearr go mbeadh daoine curtha ar an liosta de reir an oide ranga/toraidh na teisteanna/cead na dtuistí sínithe/spás ar fáil ag an oide Tacaíocht Foghlama chun deigheál le na priorachtaí, na dúshláin, chun an seirbhís is fearr a chur ar fáil don pháiste. Caithfear so-lúbacht, cumarsáide, oscailteacht, córas chaidrimh deimhneach a bheith i measc na pairtithe bainteach leis an seirbhís ar mhaithe leis an bpáiste.

TEISTEANNA: Micra-T nó Sigma-T : Aon dhuine atá Sten 2 nó an 10ú Percentile acu ar na teisteanna.

Dara Téarma de Naíonáin Shinsir déantar an MIST.

Múinteoir Achmhainne/Resource Teacher: Tógann an tóide páistí le tuairiscí ceadaithe ag an Roinn Oideachais amháin. Tógtar naoínúr bpáiste, gan dul thár 22 uaire teagaisc don seachtain, agus de réir na moltaí atá mínithe sna tuairiscí. Déanann an toide ranga dul chun chinn an pháiste a mheasúnú, tré dul i gcomhairle le oidí ranga eile sa scoil atá bainteach leis an bpáiste, le eolas ó theisteanna agus le breathnú ar an bpáiste sa rang agus sa chlós. Beidh tuairim ag an oide ranga, le teisteanna nó gan aon teist a úsáid go bhfuil cabhair ag téastáil. B'fhéidir go bhfuil fadhb faoi léith ann, m.s. Dyslexia, ADD, ADHD, nó GLD nó eile. Molann an toide ranga ag Cruinniú na Bealtaine go mbeadh Tuairisc Síceolaíochta faighte tríd NEPS, le cead na tuistí. I gcás go bhfuil an-phráinn i gceist leis an tuairisc a fháil, is féidir cuir isteach ar airgead a fháil ón mBord, agus breathnófar ar an gcás.

Déanfar líosta feithimh de pháistí leis na priorachtaí/riachtanais speisialta is tabhachtaí sa scoil, chun tuairiscí síceolaíochta a fháil ó NEPS, molta ag an oide ranga i mBealtaine, le cead na dtuistí, agus de réir rialacha agus cead na Roinne Oideachais. Braitheann an chabhair bhreise ar na moltaí san tuairisc, agus ar chead na Roinne.

- Is cóir do gach oide bheith chomh cinnte agus is féidir go bhfuil gá le tuairisc, sula lorgaítear é. Is cóir do oidí ceisteanna a chur, agus go leor eolas a bhailliú faoin bpáiste ar an gcéad dul síos, cruinnithe le oide feabhais, tuistí agus rl.
- Tré coinne/cruinnithe aon-le-haon, is féidir le tuistí cabhair bhreise a lorg, agus cabhair oifigiúil tríd tuairiscí a fháil, tríd an chóras scoile.

Cioraclán Nua maidir le Oideachas Speisialta:

Caithfidh teisteanna an pháiste a bheith ar an 12ú Percentile nó faoi de réir an Micra-T agus an Sigma-T agus de réir an Ciorcalán SP ED 24/03

Caithfear plean oibre a chur ar siúl sa seomra ranga réitithe ag an oide ranga, don pháiste agus triall a bhaint do Bhlocanna Ama, thréimhse áirithe (mí, dhá mhí, téarma nó eile), as fearas/leabhar éagsúil, dul chun chinn a mheas, agus cinneadh a dhéanamh faoi tacaíocht bhreise a lorg ón oide tacaíochta foghlama nó ón oide acmhainne nó ó NEPS, Ionad Oideachais, ICT, nó eile.

Plean: Máire Treasa Uí Dhalaigh (PO).

Roinnte ar Fhoireann na Scoile: Feabhra 2004.